


10 Cistiú Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus maoirseacht orthu

- 10.1** Soláthraítear cistiú Státchiste chun cabhrú le teaghlaigh nach bhfuil ar a gcumas íoc as a riachtanais tithíochta féin. Is d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta a sholáthraítear an cistiú den chuid is mó chun aonaid tithíochta a thógáil, a cheannach nó a thógáil ar léas mar chóiríocht dóibh siúd a bhfuil tithíocht shóisialta ag teastáil uathu. Anuas air sin, cuirtear cistiú ar fáil chun cabhrú leo sin atá ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu. In 2017, chaith an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil €1.408 billiún¹ ar thithíocht, agus chaith an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí €231 milliún ar thacaíochtaí cíosa.
- 10.2** Tá forbhreathnú sa tuarascáil seo ar na cistí a sholáthraítear ón rialtas láir le haghaidh tacaíochtaí tithíochta sóisialta mar aon le faisnéis ar an bpríomhchistiú a sholáthraíonn an rialtas láir do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta. Tá forbhreathnú i Fíor 10.1 ar na príomhshreafaí cistiúcháin.

Fíor 10.1 Forbhreathnú ar Shreafaí Cistiúcháin le haghaidh Tithíocht Shóisialta



¹ Cuimsítear leis sin caiteachas €1.288 billiún ar sholáthar tithíochta sóisialta agus tacaíochtaí cíosa, agus caiteachas €120 milliún ar ábhair eile a bhaineann le tithíocht amhail tithe a dheisiú agus a chur in oiriúint, oibreacha bonneagair, taighde agus cistiú an Bhoird um Réiteach Piríte.


Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: ↔ Ciste Imrothlach na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe.

Cistiú chun aonaid tithíochta sóisialta a thógáil, a cheannach, nó a thógáil ar léas

- 10.3** Is ann do roinnt scéimeanna arna gcistiú ag an Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a thacaíonn le húdaráis áitiúla nó le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun aonaid tithíochta sóisialta a thógáil, a cheannach, nó a thógáil ar léas. Tá forbhreathnú i Fíor 10.2 ar na príomhscéimeanna agus ar an gcaiteachas gaolmhar in 2017. Tá tuilleadh sonraí faoi gach scéim leagtha amach in larscríbhinn 10A.

Fíor 10.2 Tacaíochtaí le haghaidh tithíocht shóisialta



Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Nóta: Cuimsítear leis an gcistiú seo caiteachas a bhfuil mar thoradh air aonaid a thógáil, a cheannach, a thógáil ar léas, nó aonaid a chur in úsáid arís.


Cuimsítear leis an gcistiú seo fáiltais bhreise Cánach Maoine Áitiúla arna leithdháileadh ón gCiste Rialtais Áitiúil a n-ordaíonn an Roinn ina leith go n-úsáidfear iad le haghaidh seirbhísí tithíochta sna húdaráis áitiúla.

Ní léirítear caiteachas €196,000 faoin Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin sa léaráid mar gheall ar an leibhéal caiteachais.

Cistiúchán chun tacú le cóiríocht phríobháideach ar cíos nó le cóiríocht shealadach

- 10.4** Soláthraítear tacaíocht dóibh siúd a bhfuil cóiríocht ar cíos ag teastáil uathu faoi roinnt scéimeanna freisin. An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a sholáthraíonn cistiú le haghaidh scéim amháin, an scéim um fhorlíonadh cíosa. An Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) a sholáthraíonn cistiú le haghaidh na scéimeanna eile. Tá forbhreathnú i Fíor 10.3 ar na príomhthacaíochtaí le haghaidh cóiríocht ar cíos agus ar an gcaiteachas gaolmhar in 2017 — tá sonraí breise le fáil in larscríbhinn 10B.

Fíor 10.3 Tacaíochtaí le haghaidh cóiríocht ar cíos



Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Nóta: a Arna chistiú agus arna bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Sonraí aschuir — aonaid tithíochta

- 10.5** Ní dhéanann an Roinn an líon aonad tithíochta arna seachadadh a thuairisciú ar bhonn scéim ar scéim. I gcás 2017, thuairiscigh an Roinn na haschuir atá léirithe i .¹

Fíor 10.4 Aschuir tithíochta a tuairiscíodh

Catagóir	Líon aonad
Tithe atá tógtha nó ceannaithe ag an údarás áitiúil ^a	2,468
Tithe folmha na n-údarás áitiúil ^b	1,757
Áis Léasúcháin d'Airleacan Caipitil, <i>gan tithe arna dtógáil faoi Chuid V a chur san áireamh</i>	1,094
Léasú ^c	827
Tithe arna dtógáil faoi Chuid V ^d	522
Scéim Cúnaimh Caipitil, <i>gan tithe arna dtógáil faoi Chuid V a chur san áireamh</i>	427
Iomlán	7,095

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

- Nótaí:
- a Cuimsítear aonaid arna seachadadh trí mhearthógáil, tógáil thraidisiúnta, foirgníocht lándéanta agus athnuachan.
 - b Tithe údarás áitiúil a bhí folamh, ar uasghrádaíodh iad agus ar ligeadh ar cíós iad do thionónta tithíochta sóisialta in 2017.
 - c An sainmhíniú atá le haonaid léasúcháin nua atá i seirbhís ná an líon aonad nua ar léas a bhfuil éileamh á dhéanamh ag an údarás áitiúil ina leith sa tréimhse. Déantar líon áirithe de na haonaid sin a chistiú ó chaipiteal i dtosach.
 - d Sásra is ea Cuid V sa reachtaíocht pleanála faoinar féidir a cheangal ar fhorbróirí talamh agus/nó aonaid tithíochta a chur ar fáil le haghaidh tithíocht shóisialta ar luach atá faoi bhun luach iomlán an mhargaidh.

- 10.6** Ní dhéanann an Roinn an soláthar tithíochta .i. an líon iomlán aonad tithíochta sóisialta ar láimh, a thuairisciú. Tuairiscíonn an Roinn an líon aonad atá ligthe ar cíós ag údarás áitiúla do thionóntaí, ach ní chuimsítear leis sin an líon aonad atá ar cíós ag na comhlachtaí ceadaithe tithíochta. Na sonraí is déanaí a tuairiscíodh, baineann siad leis an 31 Nollaig 2016.

- 10.7** D'aithin an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe teorainneacha ar thuairisciú sonraí mar chuid d'athbhreithniú ar chaiteachas in Iúil 2018.² Fuarthas amach san athbhreithniú sin gur bhain roinnt réimsí le tithíocht shóisialta ina bhféadfaí feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí lena chinntiú go bhféadfaí taighde agus measúnú cuí a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt beartais.

- 10.8** Cé go mbíonn sonraí ar fáil go ginearálta i dtéarmaí na bpríomhchostas a bhaineann leis an seachadadh (mar shampla costais tógála/fála, meán-íocaíocht Cúnaimh Tithíochta / Scéim Cóiríochta Cíos / íocaíochtaí léasa, srl.), leagadh béim sa tuarascáil ar an athbhreithniú ar réimsí áirithe nach ndéanann an Roinn sonraí costais a bhailiú go cuimsitheach ná a thiomsú go rialta ina leith. Áirítear ar na réimsí sin cothabháil, athnuachan agus riarachán.

1 Ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne
<https://www.housing.gov.ie/housing/social-housing/local-authority-housing-scheme-statistics>.

2 An tSeirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe de chuid Rialtas na hÉireann, *Spending Review 2018, Current and capital expenditure on social housing delivery mechanisms*.

An Ciste Imrothlach

- 10.9** Sa ráithe dheiridh de 2016, chuir an Roinn €6.7 milliún ar fáil don Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe chun tithe folmha agus árasáin fholmha a cheannach. Ceannaíodh cúig cinn déag de thithe agus d'árasáin ar chostas iomlán €1.9 milliún, agus aistríodh iad chuig údaráis áitiúla saor in aisce.
- 10.10** In 2017, tugadh cistiú caipitil €70 milliún don Ghníomhaireacht chun ciste fáltas a chur ar bun le haonaid don tithíocht shóisialta a cheannach ó institiúidí airgeadais. Ar a gcostas a dhíoltar na haonaid sin, le comhlachtaí ceadaithe tithíochta go príomha, trína ndéantar an ciste a athshlánú chun ionaid réadmhaoine eile a cheannach. Fuilleach na gcistí a cuireadh ar fáil in 2016 (€4.8 milliún), déanfar í a athúsáid chomh mór agus is féidir freisin.
- 10.11** Faoi dheireadh 2017, bhí 367 aonad ceannaithe ag an nGníomhaireacht leis an gciste imrothlach. Na haonaid a cheannaítear, sanntar iad do chomhlacht ceadaithe tithíochta faoi léas sealadach sula ndíoltar iad leis an gcomhlacht ceadaithe tithíochta. Faoi dheireadh 2017, ceannaíodh 10 n-aonad nach raibh faoi léas sealadach go fóill, bhí 321 aonad faoi léas sealadach, agus díoladh 36 aonad le comhlachtaí ceadaithe tithíochta ar €7.2 milliún.

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

- 10.12** Eagraíochtaí seachbhrabúsacha is ea iad comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus déanann siad tithíocht do dhaoine atá ina gátar a sholáthar agus a bhainistiú. Is féidir le cumainn agus comharchumainn tithíochta stádas ceadaithe a lorg ón Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus tá an stádas sin riachtanach do gach eagraíocht ag a bhfuil cistiú á lorg ó údaráis áitiúla chun tithíocht shóisialta a sholáthar. Coinníonn an Roinn clár de chomhlachtaí ceadaithe tithíochta, agus bhí 547 comhlacht den sórt sin ar an bhfód i Meitheamh 2018 de réir an chláir sin. Mar sin féin, tá sé tugtha le fios ag Comhairle na hÉireann do Thithíocht Shóisialta nach bhfuil cuid mhaith de na comhlachtaí sin ag feidhmiú go gníomhach.¹
- 10.13** Féadfaidh cuideachtaí teoranta, cumainn nó iontaobhais a bheith ina gcomhlachtaí ceadaithe tithíochta. Lena gceadú, ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ina meabhráin agus ina n-airteagail chomhlachais
- ní mór go mbeadh mar an príomhchuspóir acu riachtanais tithíochta a mhaolú, nó an bhochtaineacht nó an cruatan nó leas an lucht siúil, agus soláthar agus bainistiú tithíochta
 - ní mór go mbeadh forálacha ann trína gcuirtear cosc ar aon bharrachas, brabús, bónas nó díbhinn a dháileadh ar na comhaltaí
 - ní mór go mbeadh foráil ann ina sonraítear, sa chás ina ndéanfaí an chuideachta a fhoirceannadh nó a dhíscaroileadh, go dtabharfaí nó go n-aistreofaí aon réadmhaoin d'institiúid eile ag a bhfuil cuspóirí atá comhchosúil le cuspóirí na cuideachta
 - ní mór go sonraítear ann nach n-úsáidfid na sócmhainní ach amháin chun na cuspóirí a chomhlíonadh.

¹ Cónaidhm náisiúnta tithíochta sóisialta is ea Comhairle na hÉireann do Thithíocht Shóisialta atá curtha ar bun ag eagraíochtaí tithíochta agus brúnna in Éirinn le feidhmiú mar ionadaí náisiúnta agus mar chónaidhm chun an earnáil a chur chun cinn agus chun faisnéis agus comhairle a sholáthar.

- 10.14** Tá ceangal ar chomhlacht ceadaithe tithíochta a chur in iúl don Roinn sa chás ina n-athraíonn sé a chuid cuspóirí. I gcás comhlachtaí ceadaithe tithíochta a athraíonn na cuspóirí nó na forálacha ábhartha, tá sé sonraithe ag an Roinn nach féidir leo a stádas mar chomhlachtaí ceadaithe tithíochta a choinneáil, agus níor tháinig sé sin chun cinn go dtí seo. Díscaoileadh líon áirithe comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus aistríodh na haonaid a bhí ag an gcomhlacht ceadaithe tithíochta chuig comhlacht ceadaithe tithíochta eile nó, in imthosca eisceachtúla nuair nár bh fhéidir a leithéid a dhéanamh, aistríodh na haonaid chuig an údarás áitiúil ábhartha.
- 10.15** Faigheann comhlachtaí ceadaithe tithíochta leibhéal ard cistiúcháin ó fhoinsí rialtais. In 2017, ar iarratas ó Eurostat, d'fhéach an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aicmiú comhlachtaí ceadaithe tithíochta.¹ Féachadh san athbhreithniú ar 15 cinn de na comhlachtaí ceadaithe tithíochta is mó, ag a bhfuil thart ar 80% de sholáthar tithíochta na hearnála acu le chéile.² Fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh amach gur cheart 14 cinn de na 15 chomhlacht ceadaithe tithíochta a athaicmiú agus a chuimsiú in earnáil an rialtais mar gheall ar thosca lena n-áirítear leibhéal an mhaoinithe agus na coinníollacha a bhaineann leis sin. Bíonn roinnt gníomhaíochtaí eile ar siúl ag an gcomhlacht ceadaithe tithíochta eile agus, dá bhrí sin, níor cuimsíodh in earnáil an rialtais ach an ghníomhaíocht tithíochta.
- 10.16** I mí an Mhárta 2018, dheimhnigh Eurostat gur aontaigh siad le torthaí na Príomh-Oifige Staidrimh.
- 10.17** Cuireann an Roinn cistiú caipitil ar fáil do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta faoi cheithre scéim (féach Fíor 10.5).³ Féadfaidh údarás áitiúil iasachtaí comhlachtaí ceadaithe tithíochta a rathú.⁴

1 Review of Sector Classification of Approved Housing Bodies, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Nollaig 2017.

2 Tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil Oifig Rialaithe na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe, 2016, go raibh 28,781 aonad tithíochta sóisialta á mbainistiú ag 232 comhlacht ceadaithe tithíochta ag deireadh na bliana 2016, agus meastar gurbh ionann é sin agus 95% d'aonaid tithíochta na hearnála.

3 Cuireann an Roinn cistiú caipitil ar fáil do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun aonaid tithíochta a thógáil nó a cheannach. Faigheann comhlachtaí ceadaithe tithíochta íocaíocht freisin ar aonaid tithíochta a ligtear ar léas do na húdaráis áitiúla le haghaidh tithíocht shóisialta.

4 Alt 6(2)(c), Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992.

Fíor 10.5 Cistiú do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta, 2013 go 2017

Scéim	2013	2014	2015 ^a	2016 ^a	2017 ^a
	€m	€m	€m	€m	€m
An Scéim Cúnaimh Caipitil	36.7	34.3	38.0	37.0	55.0
Áis Léasúcháin d'Airleacan Caipitil	4.8	4.4	13.3	35.3	55.6
Scéim iasachtaí caipitil agus fóirdheontas ^b	69.1	54.8	80.2	55.3	66.7
Scéim morgáiste go cíos ^c	1.8	0.4	0.8	1.8	3.0
Iomlán^d	112.4	93.9	132.3	129.4	180.3


Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

- Nótaí:
- a Cuimsítear leis an gcistiú seo fáiltais bhreise Cánach Maoine Áitiúla arna leithdháileadh ón gCiste Rialtais Áitiúil a n-ordaíonn an Roinn ina leith go n-úsáidfear iad le haghaidh seirbhísí tithíochta sna húdaráis áitiúla.
 - b Baineann an cistiú sin le híocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun an phríomhshuim a aisíoc agus táillí úis atá dlite don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe ar na hiasachtaí a réamhíocadh (2017: €61.7 milliún) agus le táillí bainistíochta agus cothabhála bliantúla (2017: €5 milliún).
 - c Féach Fíor 10A.1 in Iarscríbhinn 10A le faisnéis a fháil ar an scéim seo.
 - d D'íoc an Scéim Áiseanna Pobal €107,000 go díreach le comhlachtaí ceadaithe tithíochta in 2017 freisin chun spás oscailte agus limistéir chomhroinnte phobail a chur ar fáil le haghaidh árasán.

An Scéim Cúnaimh Caipitil

- 10.18** Faoi scéim cúnaimh caipitil, soláthraítear suas le 100% den chistiú chun tithíocht a cheannach nó a thógáil le haghaidh daoine scothaosta, daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, nó daoine gan dídean. Ní gá don chomhlacht ceadaithe tithíochta an cistiú a aisíoc fad atá an t-aonad ina aonad tithíochta sóisialta d'aicmithe incháilithe daoine. Ní dhéantar aon íocaíocht chothabhála ar bith leis an gcomhlacht.
- 10.19** D'fhéadfaí go mbeadh tionóntaí an chomhlachta i dteideal liúntas tacaíochta ioncaim i ndáil leis an gcíos a íocann siad. Is leis an gcomhlacht ceadaithe tithíochta na haonaid réadmhaíne ón tús, agus cuirtear comhaontú morgáiste i bhfeidhm leis an údarás áitiúil le haghaidh tréimhse 30 bliain lena chinntiú go mbaintear úsáid astu don chríoch dár cuireadh ar fáil iad.¹ Baintear an táille mhorgáiste ag deireadh na tréimhse morgáiste.

Fíor 10.6 An Scéim Cúnaimh Caipitil



¹ Ba é 20 bliain tréimhse an chomhaontaithe morgáiste roimh an 1 Meitheamh 2002.


Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Áis Léasúcháin d'Airleacan Caipitil

- 10.20** Soláthraítear leis an áis léasúcháin d'airleacan caipitil suas le 30% den chistiú mar iasacht le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun aonaid tithíochta a thógáil nó a cheannach. Cuirtear an iasacht ar fáil ar bhonn neamhurráithe le hús simplí 2%, agus bíonn an iasacht bunaithe ar chomhaontú iasachta idir an comhlacht agus an t-údarás áitiúil ábhartha.¹
- 10.21** Ní mór don chomhlacht na haonaid a chur ar fáil le haghaidh tithíocht shóisialta, chun cóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh ar liostaí feithimh an údaráis áitiúil, ar feadh tréimhse 20-30 bliain. Ar a shon sin, faigheann an comhlacht íocaíochtaí léasa ón údarás áitiúil, arna maoiniú tríd an gClár Caiteachais Reatha don Tithíocht Shóisialta (SHCEP). Tá sé sin bunaithe ar chomhaontú íocaíochta agus infhaighteachta a mhaireann an tréimhse chéanna leis an gcomhaontú iasachta go hiondúil.
- 10.22** Ní gá an iasacht ón áis léasúcháin a aisíoc i rith thréimhse an chomhaontaithe infhaighteachta. Is gá an iasacht mar aon leis an ús a aisíoc nuair a thagann deireadh leis an gcomhaontú infhaighteachta. Mar sin féin, má dhéantar an comhaontú infhaighteachta a athnuachan, is féidir aisíocaíocht na hiasachta a chur in aghaidh íocaíochtaí infhaighteachta ina dhiaidh sin. In 2011 a cuireadh tús leis an scéim, agus níl iasacht ar bith in-aisíoctha go fóill.
- 10.23** Féadfaidh iarmhéid an chistithe caipitil tosaigh teacht ó acmhainní an chomhlachta féin, maoiniú ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, nó ó iasachtóirí tráchtála. Mar sin féin, luaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh nach raibh mórán fianaise ann ar chor ar bith de mhaoiniú ón earnáil phríobháideach i gcás na 15 chomhlacht ar féachadh orthu.

¹ Sonraítear sa chomhaontú iasachta na téarmaí agus coinníollacha faoina bhfuil an t-airgead á chur ar fáil don chomhlacht.

Fíor 10.7 Áis Léasúcháin d'Airleacan Caipitil




Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Scéim iasachtaí caipitil agus fóirdheontas

- 10.24** Tháinig deireadh leis an scéim iasachtaí caipitil agus fóirdheontas le haghaidh cistiúchán nua in 2011. Faoi scéim, soláthraíodh 100% den chistiúchán do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an costas a ghlanadh as aonaid tithíochta a sholáthar dóibh siúd ar liosta feithimh do thithíocht shóisialta agus, le fírinne, deontas do na comhlachtaí a bhí ann. D'fhaigheadh an t-údarás áitiúil iasacht (20 nó 30 bliain) ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, agus d'úsáidte an iasacht sin chun deontas a thabhairt don chomhlacht.
- 10.25** Leanann an scéim de chistiúchán a chur ar fáil d'údarás áitiúla chun costas bliantúil na n-aisíocaíochtaí iasachta ag an údarás áitiúil leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a ghlanadh. Ina theannta sin, íocann an t-údarás áitiúil táille bhliantúil bhainistíochta agus chothabhála leis an gcomhlacht in aghaidh gach aonaid. Faigheann an t-údarás áitiúil na táillí sin ar ais ón Roinn faoi scéim freisin.
- 10.26** Dílsítear úinéireacht na n-aonad tithíochta do na comhlachtaí ceadaithe tithíochta faoi chomhaontuithe morgáiste leis na húdaráis áitiúla. Faoi lán-úinéireacht an chomhlachta atá an réadmhaoin ag deireadh na tréimhse morgáiste.

Fíor 10.8 Scéim iasachtaí caipitil agus fóirdheontas



Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe

- 10.27** Chuir an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe iasachtaí ar fáil d'údaráis áitiúla a bhí cothrom le 100% den chistiú caipitil faoin scéim iasachtaí caipitil agus fóirdheontas. Ag deireadh 2017, ba é €970 milliún an t-iarmhéid a bhí dlite don Ghníomhaireacht ag údaráis áitiúla. Faoi scéim na háise léasúcháin d'airleacan caipitil, cuireann an Ghníomhaireacht iasachtaí suas go 70% ar fáil go díreach do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta. Amhail Nollaig 2017, bhí iasachtaí amuigh €357 milliún curtha ar fáil do chomhlachtaí ag an nGníomhaireacht.
- 10.28** Léirítear i ráitis airgeadais 2017 na Gníomhaireachta gur le hiasachtaí €3.4 billiún a mhaoinítear í go príomha, lena n-áirítear €1.7 billiún ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus €1.5 billiún ó na húdaráis áitiúla.

Rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

- 10.29** Ní dhéantar aon rialáil reachtúil ar chomhlachtaí ceadaithe tithíochta faoi láthair. Tá sé sonraithe ag an Roinn go bhfuil tograí reachtacha á ndréachtú aici faoi láthair chun córas rialála reachtúla a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar an rialachas corparáideach agus airgeadais san earnáil.
- 10.30** In 2014, mar ullmhúchán don chóras rialála reachtúla, cuireadh oifig rialála ar bun ar bhonn riaracháin faoi choimirce na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe. Tuairiscíonn an oifig do choiste rialála eatramhach atá ceaptha ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- 10.31** Déanann an oifig rialála maoirseacht ar chód rialála deonach lena gcuimsítear caighdeán airgeadais agus rialachais. Tá sraith caighdeán feidhmíochta á dréachtú chun cur leis an gcód. Le cistiú a rochtain, ceanglaítear ar chomhlachtaí ceadaithe tithíochta cloí leis an gcód agus tuairisceán bliantúil mionsonraithe a chomhlánú.
- 10.32** Faoi lár 2018, chláraigh 246 comhlacht leis an gcód rialála deonach. Is ionann é sin agus 45% de na comhlachtaí atá cláraithe leis an Roinn. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go léirítear 95% de na haonaid tithíochta sóisialta san earnáil leis na comhlachtaí cláraithe.

Bainistíocht agus maoirseacht ar chomhlachtaí ceadaithe tithíochta

- 10.33** I gclárán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le *Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht astu*, leagtar amach creat le haghaidh na socruithe bainistíochta agus cuntasachta i ndáil le deontais ó airgead an Státchiste. Sa chiorclán sin, sainmhínítear deontas mar sholáthar airgeadais, de thionscnamh vóta, le haghaidh gníomhaíocht nó seirbhís ar leith arna riar nó arna déanamh ag comhlacht seachtrach, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpaí comhairleacha, eagraíochtaí carthanachta nó daoine aonair. Baineann sé le gluaiseacht cistiúcháin de thionscnamh vóta chuig comhlacht seachtrach, mar aon le haon ghluaiseacht ar aghaidh den chistiú sin.
- 10.34** Is casta atá an bhainistíocht agus an mhaoirseacht ar an gcistiú a chuirtear ar fáil do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta mar cuirtear an cistiú ar fáil faoi roinnt scéimeanna éagsúla trí 31 údarás áitiúil a sholáthraíonn, ina dhiaidh sin, cistiú do líon mór comhlachtaí ceadaithe tithíochta. Anuas air sin, de bharr scála feidhmithe cuid de na comhlachtaí sin, faigheann siad breis is cineál amháin cistithe agus ó bhreis is aon údarás áitiúil amháin.

10.35 Bíonn roinnt comhlachtaí éagsúla ag baint le tithíocht shóisialta a chur ar fáil trí chomhlachtaí ceadaithe tithíochta – an Roinn, an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe, Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, an 31 údarás áitiúil, agus na comhlachtaí ceadaithe tithíochta. Ina measc siúd, níl ach an Roinn agus an Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus, go hintuigthe, le hiniúchadh díreach ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí.

10.36 I dtuarascáil ón tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil i Nollaig 2015, fuarthas roinnt cásanna i roinnt údarás áitiúla nár cuireadh morgáistí, a bhain leis na trí scéim, i gcrích go hiomlán agus moladh ann go ndéanfaí athbhreithniú ar gach morgáiste ar réadmhaoin an chomhlachta cheadaithe tithíochta agus go ndéanfaí na morgáistí a réiteach.¹

10.37 Rinneadh roinnt moltaí eile i dtuarascáil na seirbhíse freisin

- ba cheart d'údarás áitiúla córas cuimsitheach faisnéis bhainistíochta a fheidhmiú chun sonraí a thaifeadadh ar aonaid réadmhaoin agus ar thionóntaí
- ba cheart ráitis áitíochta a fháil ó gach comhlacht ceadaithe tithíochta maidir le gach aonad réadmhaoin a chistítear
- ba cheart na cíosanna beartaithe a chomhaontú ag céim forbartha an tionscadail le haghaidh tionscadal faoin scéim cúnaimh caipitil
- ba cheart d'údarás áitiúla cigireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh ar na haonaid réadmhaoin a chistítear
- ba cheart d'údarás áitiúla cruinnithe foirmiúla rialta a reáchtáil le gach comhlacht ceadaithe tithíochta
- ba cheart d'údarás áitiúla na comhlachtaí ceadaithe tithíochta go léir a spreagadh le glacadh leis an gcód rialála deonach, oibriú i gcomhar leo siúd nár ghlac leis go fóill chun dea-rialachas a áirithiú, agus ráitis airgeadais a fháil ó na comhlachtaí
- i gcás nach féidir cásanna drochrialachais nó drochbhainistíocht a réiteach leis an gcomhlacht, ba cheart don údarás áitiúil sealbhú na n-aonad tithíochta ag comhlacht ceadaithe tithíochta eile a éascú
- ba cheart d'údarás áitiúla gach iasacht amuigh a thaifeadadh ar a gcóras airgeadais agus ráitis bhliantúla ar iarmhéid na n-iasachtaí a eisiúint
- ba cheart d'údarás áitiúla a léiriú gur baineadh amach an luach ab fhearr maidir le sannadh na n-aonad tithíochta inacmhainne gan díol do na comhlachtaí ceadaithe tithíochta²
- ba cheart do na húdarás áitiúla athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail na gcomhlachtaí ceadaithe tithíochta lena chinntiú go ndearnadh na cuntais deiridh agus na hathbhreithnithe tar éis na dtionscadal, agus go léirítear na hiarmhéideanna i gceart i ráiteas airgeadais an údarás áitiúil
- ba cheart do bhaill foirne cháilithe ón údarás áitiúil cigireacht a dhéanamh ar theastais íocaíochta le haghaidh tionscadail chaipitil agus iad a fhíordheimhniú
- ba cheart d'údarás áitiúla a áirithiú go bhfuil oiliúint maidir le breithmheas caipitil agus riachtanais soláthair faighte ag baill foirne ábhartha.

¹ *The oversight role of local authorities in the provision of social housing by Approved Housing Bodies*, An tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil, Tuarascáil Uimh. 29, Nollaig 2015.

² Aonaid tithíochta inacmhainne gan díol atá i seilbh na n-údarás áitiúil de bharr dhálaí codarsnacha an mhargaidh, atá á mbainistiú ag comhlachtaí ceadaithe tithíochta anois chun cóiríocht a chur ar fáil do thionóntaí tithíochta sóisialta.

10.38 Tá sé tugtha le fios ag an Roinn gur glacadh roinnt céimeanna mar fhreagra ar thuarascáil na Seirbhíse chun treoir a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla ar roinnt de na nithe a luadh ann. Mar shampla, tugadh treoir do na húdaráis áitiúla i gclár ón Roinn maidir le taifeadadh agus cuntas ceart a choinneáil ar iasachtaí ón áis léasúcháin do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta¹

1 Ciorclán 18/2016, Áis Léasúcháin d'Airleacan Caipitil, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

10.39 Tá sé tugtha le fios ag an Roinn freisin gur chuir an tSeirbhís Iniúchóireachta tús le hiar-iniúchadh ar chur i bhfeidhm na moltaí, agus táthar ag súil le tuarascáil deiridh a fhoilsiú faoi dheireadh 2018 nó go luath in 2019.

Conclúidí agus moltaí

- 10.40** Soláthraítear leibhéal ard cistithe ón Státchiste chun cabhrú le teaghlaigh nach bhfuil ar a gcumas íoc as a riachtanais tithíochta féin. In 2017, soláthraíodh thart ar €1.5 billiún chun tacú le haonaid tithíochta a thógáil, a cheannach nó a ligean ar léas; chun aonaid a chur in úsáid arís; chun cabhrú leo siúd i gcóiríocht ar cíós; agus chun cóiríocht shealadach a chur ar fáil — €1.288 billiún ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus €231 milliún ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.
- 10.41** Tá roinnt scéimeanna ann, agus leibhéil éagsúla chastachta ag baint leo. Is deacra an mhaoirseacht de bharr na castachta méadaithe. Ní dhéanann an Roinn an líon aonad tithíochta a thuairisciú ar bhonn scéim ar scéim, agus níl fáil éasca ar an bhfaisnéis sin.

Moladh 10.1

Anuas ar an tuairisciú reatha ar thorthaí, ba cheart don Roinn machnamh a dhéanamh ar thorthaí scéimeanna tacaíochta do thithíocht shóisialta a thuairisciú ar bhonn scéim ar scéim, chun cabhrú lena maoirseacht féin agus chun an trédhearcacht a fheabhsú araon.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe.

Foilsíonn an Roinn an méid tithíochta sóisialta a sheachadtar i dtéarmaí na n-aonad arna seachadadh faoi phríomh-cheannteidil an chláir, mar atá tógáil, fáil, léasú, íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, agus an Scéim Cóiríochta Cíosa, ar bhonn ráithiúil agus bliantúil. Dearadh an struchtúr tuairiscithe sin chun spriocanna atá leagtha amach faoi *Atógáil Éireann* a chomhlíonadh agus chun an trédhearcacht is mó agus is féidir a chruthú i dtéarmaí aonaid seachadta in aghaidh spriocanna. Déantar an seachadadh a dhéanamh amach trí aird a thabhairt ar chritéir amhail an líon iarbhir aonad arna cur i gcrích, infhaighteacht do thionóntaí, aistriú dlíthiúil ón bhforbróir chuig an údarás áitiúil/comhlacht ceadaithe tithíochta, tionóntacht a chur ar bun leis an ionad seirbhíse comhroinnte, srl. Níl an seachadadh bunaithe ar fhorchúiteamh airgeadais arna íoc le húdarás áitiúil ag an Roinn. Sampla coiteann is ea cás inar féidir le scéim caipitil údaráis áitiúil cistiú a tharraingt anuas ar bhonn ilbhliantúil ach caiteachas deimhnithe a chur isteach. Bheadh toradh airgeadais i gceist sna himthosca sin, ach ní bheadh aonad ar bith ar fáil go dtí go mbeadh an clár curtha i gcrích. I gcásanna eile, d'fhéadfaí an seachadadh a dhéanamh sula n-íocann an Roinn forchúiteamh airgeadais leis an údarás áitiúil.

Tá faisnéis bhainistíochta mhionsonraithe maidir le caiteachas agus torthaí thar gach clár cistiúcháin le fáil laistigh den Roinn, agus tá go leor den fhaisnéis sin ina cuid den tuairisciú rialta a dhéantar leis an Oireachtas agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bíodh is go bhfuil an tuairisciú foilsithe ar aschuir dírithe ar chláir lena ailíniú le spriocanna, déanfaidh an Roinn machnamh ar thuairisciú breise ar bhonn scéim le scéim.

- 10.42** Cuirtear leibhéal ard cistiúcháin ar fáil do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta gach bliain chun tithíocht shóisialta a sholáthar, a fháil agus a chothabháil. In 2017, soláthraíodh cistiú €180 milliún faoi scéimeanna nach bhfuil ar fáil ach do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta. Faigheann comhlachtaí ceadaithe tithíochta íocaíocht freisin ar aonaid tithíochta sóisialta a ligtear ar léas do na húdaráis áitiúla. Mar chomhlachtaí ar neamhthuilleamaí a bhíonn na haonáin sin ag feidhmiú. Bíonn a stádas dlíthiúil féin acu agus an cumas acu dul i mbun gnó de réir a socruithe bunreachtúla féin. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm chun deimhniú a chur ar fáil go ndéantar riar cuí ar na cistí poiblí a sholáthraítear, go n-úsáidtear iad do na cuspóirí beartaithe, agus go gcosnaítear infheistíocht an Stáit. Is casta arís socruithe den sórt sin mar gheall ar an líon mór údarás áitiúil trína gcuirtear an cistiú ar fáil agus an líon mór comhlachtaí ceadaithe tithíochta. Rinne an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil iniúchadh in 2015, agus sainathnódh ann roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an maoirsiú a dhéanann údaráis áitiúla ar chomhlachtaí ceadaithe tithíochta.
- 10.43** Ar bhonn deonach a rialaítear na comhlachtaí ceadaithe tithíochta i láthair na huaire. Níor cuireadh togra i gcrích go fóill ina ndéantar foráil do rialáil reachtúil. I measc na 547 comhlacht ceadaithe tithíochta atá cláraithe leis an Roinn, creidtear go bhfuil go leor díobh neamhghníomhach.

Moladh 10.2

Ba cheart don Roinn machnamh a dhéanamh ar phróiseas a thabhairt isteach chun comhlachtaí ceadaithe tithíochta neamhghníomhacha a shainaithint ionas nach gcoinneoidh siad stádas ceadaithe.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe.

Thug an Roinn faoi bheart díliostaithe in 2012/2013, agus baineadh comhlachtaí ceadaithe tithíochta neamhghníomhacha den chlár. Tá an Roinn tiomanta do chinntiú go ndéanfar beart díliostaithe sula dtabharfar isteach rialáil reachtúil. Beidh foráil sa Bhille do dhíchhlárú deonach agus, in imthosca áirithe, do dhíchhlárú éigeantach. Déanfaidh an Roinn/Rialtóir athbhreithniú tréimhsiúil ar chomhlachtaí ceadaithe tithíochta cláraithe.

Moladh 10.3

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe chun na cistí poiblí a sholáthraítear do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais i gclár 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe.

Cé go bhfuil muinín ag an Roinn go bhfuil riachtanais chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á gcur i bhfeidhm, mar sin féin déanfaimid athbhreithniú ar gach ciorclán a bhaineann le gníomhaíocht na gcomhlachtaí ceadaithe tithíochta lena chinntiú go leagann siad amach na riachtanais, agus lena chinntiú go bhfuil na próisis a eascraíonn as na ciorcláin ag teacht leis an gclár. Cuirfear é sin i gcrích laistigh de thrí mhí. Tá athbhreithniú ar siúl ag an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil faoi láthair maidir le cur i bhfeidhm na moltaí, agus déanfaimid measúnú air sin nuair a bheidh sé curtha i gcrích.

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an eolas go hiomlán faoi chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cistiú a chur ar fáil do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta, agus cloíonn an Roinn leis an gclár sin.

Soláthraítear an cistiú ar fad do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta trí na húdaráis áitiúla, agus is iad sin na húdaráis tithíochta reachtúla dá limistéar féin.

An soláthar tithíochta sóisialta ar fad i ngach limistéar, lena n-áirítear an tithíocht atá le soláthar ag comhlachtaí ceadaithe tithíochta, is gá an tithíocht sin a sholáthar le cead agus faoi mhaoirseacht an údaráis áitiúil. Is iad na húdaráis áitiúla a chinneann cibé acu an gceadófar tionscadal de chuid comhlacht ceadaithe tithíochta nó nach gceadófar, ag brath ar an riachtanas tithíochta, a oiriúnaí atá an fhorbairt bheartaithe, srl.

Amhail gach tionscadal a fhaigheann tacaíocht ón Státchiste, déanann an Roinn, ina cáil mar an t-údarás ceadaithe, measúnú ar oiriúnacht gach tionscadail, an luach ar airgead, agus comhlíonadh (lena n-áirítear leis an gcód caiteachais phoiblí, rialacháin reachtúla maidir le tógáil, srl.). Déantar amhlaidh cibé acu gurb é an t-údarás áitiúil féin a sheachadfar an tionscadal nó ar tionscadal é atá roghnaithe atá ag údarás agus faofa lena sheachadadh ag comhlacht ceadaithe tithíochta.

Tá socruithe mionsonraithe maidir le ceadú deontas, íocaíocht agus monatóireacht ar fheidhmíocht i bhfeidhm ar fud shocruithe cistithe ar fad na Roinne. Go háirithe

- déantar tionscadail a cheadú ar bhealach sonrach feidhmiúil atá ag teacht leis an gcód caiteachais phoiblí agus leis an gcreat bainistíochta d'oibreacha caipitil
- cuimsítear leis na litreacha ceadaithe téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe a bhaineann le híocaíochtaí, agus le híocaíochtaí a dhéanfar le comhlachtaí ceadaithe tithíochta
- ní dhéantar íocaíochtaí le húdaráis áitiúla ach amháin ar bhonn caiteachas deimhnithe, i gcomhréir le ciorclán 13/2014
- cuireann an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil deimhnithe ar fáil maidir leis na nósanna imeachta agus córais rialaithe airgeadais i gcomhthéacs a hiniúchta neamhspleách ar mhaoirseacht airgeadais na n-údarás áitiúil.

Sa Bhille Tithíochta (Rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta) atá beartaithe, moltar go ndéanfaidh Rialtóir maoirseacht ar rialachas, bainistíocht airgeadais agus feidhmíocht comhlachtaí tithíochta deonacha agus comharthithíochta atá ag soláthar tithíochta i gcomhréir leis na hAchtanna Tithíochta. Tá cosaintí reachtúla sa Bhille le haghaidh infheistíocht phoiblí agus phríobháideach san earnáil ina soláthraítear tithíocht shóisialta, mar aon le creat lena gcuirfear ar chumas na hearnála tithíochta sóisialta deonaí agus comharthithíochta chun cur níos éifeachtaí leis an soláthar tithíochta sóisialta agus lena gcinnteofar go ndéanfar bainistíocht níos inbhuanaithe ar shócmhainní arna dtógáil trí infheistíochtaí san earnáil. Leis an gcreat rialála reachtúil, tabharfar deimhnithe breise do thionóntaí, don Rialtas, d'infheisteoirí agus don earnáil féin go bhfuil soláthraithe tithíochta sóisialta ag feidhmiú i dtimpeallacht sheasmhach dhea-rialaithe.

Beidh an Rialtóir freagrach as comhlachtaí tithíochta a cheadú agus a chlárú agus as caighdeáin rialála a leagan amach. Tá foráil sa Bhille do chumhachtaí forleathana an Rialtóra maidir le fiosrúcháin, iniúchtaí agus measúnuithe. Beidh cumhachtaí forfheidhmithe agus cumhachtaí eile ag an Rialtóir freisin.

Tá an Roinn ag obair le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte chun téacs an Bhille a chur i gcrích. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Bille faoi dheireadh na bliana 2018.

larscríbhinn 10A

Fíor 10A.1 Tacaíochtaí le haghaidh tithíocht shóisialta 2017^a

Scéim	€m	€m
Cistiú chun tithe a thógáil nó a cheannach		
<i>Scéim tithíochta de chuid na n-údarás áitiúil</i>	446.5	
Aonaid tithíochta á dtógáil agus á gceannach ag údaráis áitiúla le haghaidh tithíocht shóisialta.		
<i>Oibreacha Athnuachana</i>	65.2	
Cuimsítear leis an gclár athnuachana cistiú do scartáil, tógálacha nua agus athchóiriú.		
<i>Aisfheistiú ag an Údarás Áitiúil</i>	24.7	
Caiteachas ar uasghrádú tithe údarás áitiúil a bhí folamh agus ar ligeadh ar cíós iad do thionónta tithíochta sóisialta tar éis an uasghrádaithe.		
<i>Scéim morgáiste go cíós de chuid na n-údarás áitiúil</i>	13.6	
Maidir le húinéirí tí nach féidir leo a n-íocaíochtaí morgáiste a dhéanamh agus atá i dteideal tacaíocht tithíochta sóisialta, d'fhéadfaidís a bheith i dteideal a dteach a ligean ar cíós ón údarás áitiúil – chun cabhrú leis an údarás áitiúil an morgáiste ar an réadmhaoin a ghlanadh atá an cistiú seo.		
		550.0
Cistiú caipitil do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta		
<i>Áis Léasúcháin d'Airleacan Caipitil</i>	55.6	
Iasacht fhadtéarmach de suas le 30% chun aonaid tithíochta a thógáil nó a cheannach.		
<i>Scéim iasachtaí caipitil agus fóirdheontas^b</i>	66.7	
Cistiúchán le haghaidh aisiocaíochtaí caipitil agus ús ar iasachtaí mar aon le táillí bainistíochta agus cothabhála.		
<i>Scéim Cúnaimh Caipitil</i>	55.0	
Is féidir cistiú suas le 100% a réamhioc le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine scothaosta, do dhaoine gan dídean agus do dhaoine faoi mhíchumas.		
<i>Scéim morgáiste go cíós de chuid comhlacht ceadaithe tithíochta</i>	3.0	
Maidir le húinéirí tí nach féidir leo a n-íocaíochtaí morgáiste a dhéanamh agus atá i dteideal tacaíocht tithíochta sóisialta, d'fhéadfaidís a bheith i dteideal a dteach a ligean ar cíós ó chomhlacht ceadaithe tithíochta a cheannaíonn an teach ón iasachtóir príobháideach. Tá struchtúr na scéime seo cosúil le struchtúr na scéime faoin áis léasúcháin.		
		180.3
Ciste Imrothlach na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe		70.0
Ciste chun aonaid a cheannach ó institiúidí airgeadais le haghaidh tithíocht shóisialta, agus díolfar na haonaid ar a gcostas le comhlachtaí ceadaithe tithíochta ar a gcostas. Ar an gcaoi sin, déantar an cistiú a athshlánú chun aonaid réadmhaoin eile a cheannach.		
Cistiú chun réadmhaoin a ligean ar léas		
<i>Clár caiteachais reatha do thithíocht shóisialta (SHCEP)</i>	84.0	
Léasú fadtéarma aonad tithíochta, ar cistíodh cuid díobh faoi scéim na háise léasúcháin thuasluaite i dtús báire. Cuimsítear leis an tsuim sin na costais chíos reatha ar aonaid a fháil ar cíós ó na comhlachtaí ceadaithe tithíochta le haghaidh thionóntaí na n-údarás áitiúil.		
<i>Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin</i>	0.2	
Cistiú le haghaidh deisiúcháin ar aonaid réadmhaoin fholmha faoi úinéireacht daoine príobháideacha ar an gcoinníoll go gcuirtear an réadmhaoin ar fáil mar thithíocht shóisialta ar feadh cúig bliana ar a laghad.		
		84.2
Iomlán		884.5

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Cuimsítear leis an gcistiú seo fáiltais bhreise Cánach Maoine Áitiúla arna leithdháileadh ón gCiste Rialtais Áitiúil a n-ordaíonn an Roinn ina leith go n-úsáidfear iad le haghaidh seirbhísí tithíochta sna húdarais áitiúla.

b Bhain €5 milliún den chistiú sin le táillí bliantúla bainistíochta agus cothabhála agus bhain €61.7 milliún le h-íocaíochtaí le húdarais áitiúla chun an phríomhshuim a aisíoc agus táillí úis atá dlite don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe ar na hiasachtaí a réamhiocadh.

Iarscríbhinn 10B**Fíor 10B.1 Tacaíochtaí Cóiríochta Cíos, 2017**

Scéim	€m
<i>Forlíonadh Cíos^a</i>	231
Cúnamh do thionóntaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.	
<i>Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta</i>	153
Cistiú d'údaráis áitiúla chun íocaíochtaí cíos a dhéanamh le tiarnaí talún ar son tionóntaí.	
<i>An Scéim Cóiríochta Cíos</i>	143
Cistiú d'údaráis áitiúla chun cóiríocht a fháil ar léas ó tiarnaí talún príobháideacha.	
<i>Tacaíochtaí do dhaoine gan dídean</i>	109
Cóiríocht éigeandála phríobháideach, cóiríocht shealadach faoi thacaíocht, cóiríocht éigeandála shealadach, agus tearmainn Tusla do dhaoine atá i mbaol foréigean baile.	
Iomlán	636

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Nóta: a Arna chistiú agus arna bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

